

Campas Mhaigh Eo GMIT Seirbhísí na Neach Léinn



GMIT

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA NA GAILLIMHE-MAIGH EO
GALWAY-MAYO INSTITUTE OF TECHNOLOGY

FÁILTE CHUIG CAMPAS MHAIGH EO GMTI

Is eispéaras iontach é saol an neacha léinn ar an gcampas seo leis na cláir spreagúla atá ann le staidéar a dhéanamh orthu, na cairde le aithne a chur orthu agus gníomhaíochtaí nua spóirt agus cultúrtha le triail a bhaint astu. Bíonn cúnamh le fáil i gcónaí nuair a bhíonn gá leis. Tá an fhoireann s'againne ann chun tacú leat le linn duit a bheith inár dteannta. Tabharfaidh na leathanaigh seo a leanas breis eolais duit ar conas ár seirbhísí agus saoráidí a úsáid agus conas is féidir leat eispéaras foghlama dodhearmadta a dhéanamh den am a chaithfidh tú ag Campas Mhaigh Eo GMTI. Bímid de shíor ag lorg bealaí nua chun feabhas a chur agus chun forbairt a dhéanamh ar ár seirbhísí. Cuirimid fáilte mhór roimh smaointe ó neacha léinn maidir le conas is féidir feabhas a chur ar na seirbhísí atá againn cheana féin agus conas áiseanna nua a fhorbairt. Mar sin, má tá moltaí ar bith agat beidh áthas orainn iad a chloisteáil.

Cuimsíonn ár gcuid Seirbhísí Tacaíochta don Neach Léinn iad seo a leanas:

OIFIG SEIRBHÍSÍ NA NEACH LÉINN



Anne Donnelly

Oifigeach Seirbhísí na Neach Léinn

Teil: 094 9043110

R-phost: anne.donnelly@gmit.ie

Is í Anne Donnelly Oifigeach Seirbhísí na Neach Léinn ar Champas Mhaigh Eo agus comhordaíonn sí na seirbhísí atá ann do na neacha léinn. Má tá ceist agat agus mura bhfuil tú cinnte cá rachaidh tú le freagra a fháil, déan teagmháil le Anne agus beidh sí breá sásta do cheist a fhreagairt nó thú a sheoladh chuig an duine ar champas is fearr a bheidh in ann cuidiú leat. Is polasaí an dorais oscailte atá againn. Mar sin ná biodh drogall ort bualadh isteach chugainn.



Deirdre Sheridan

Riarachán Seirbhísí na Neach Léinn

Teil: 094-9043217

R-phost: deirdre.sheridan@gmit.ie

Oibríonn Deirdre in éineacht le Anne i riaradh acmhainní seirbhísí na neach léinn ar champas.

TACAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS

TACAÍOCHT DON NEACH LÉINN

Is eol dúinn go mbíonn fadhbanna airgid ag cur as do roinnt neach léinn agus iad sa tríú leibhéal. Chun cuidiú leis sin, tá Ciste Tacaíochta na Neach Léinn ag an Institiúid. Cuirtear an Ciste sin deontais ar fáil do neacha léinn chun cuidiú leo maidir le fadhbanna airgid. Chun tuilleadh eolais faoi a fháil déan teagmháil leis an Séiplíneach.

TARSCAOILEADH TÁILLÍ

I gcásanna anró beidh an Institiúid sásta smaoineamh ar na táillí cláir a tharscaoileadh nó iad a lughadh (cásanna an-eisceachtula). Is féidir an fhoirm chuí a fháil ón Séiplíneach. Beidh gach comhfhreagras maidir leis an ábhar seo faoi run.

CISTE CABHRACH NA NEACH LÉINN

Is é is cuspóir leis an gCiste seo ná cabhrú ar bhealach mothálach agus truach le neacha léinn a bheadh faoi anró, i ngeall ar chúiseanna airgeadais nó nach mbeadh in ann leanúint ar aghaidh lena staidéar tríú leibhéal dá éagmais. Is é atá mar chuspóir leis an gCiste ná dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil trí thacaíocht airgeadais a chur ar fáil d'fhonn cur ar chumas neach léinn leas iomlán a bhaint as a staidéar tríú leibhéal. Cuireadh cabhair ar fáil cheana féin maidir le míreanna amhail leabhair, cíos, iompar, agus cúram leanaí. Ba chóir don neach léinn é féin iarratais ar chistiú a dhéanamh le hOifigeach Seirbhísí na Neach Léinn. Tá an Ciste á riar faoi rún agus ar bhonn discrédieach trí mheán fhoirm iarratais.

SCOLÁIREACHTAÍ AGUS DUASEANNA

Gach bliain, i gcomhar le comhlachtaí éagsúla, déanann GMTI roinnt scoláireachtaí a thairiscint do neacha léinn bunaithe ar a bhfeidhmíocht acadúil agus/nó ar a gcion a thugann siad don choláiste agus don mhórfhobal. Cuirtear sonraí maidir leis na scoláireachtaí ar fáil do na neacha léinn i Meán Fómhair i ngach bliain acadúil. Bronntar na scoláireachtaí seo a leanas gach bliain:

SCOLÁIREACHTAÍ SPÓIRT GMTI

Tacaíonn Campas Mhaigh Eo GMTI le lúthchleasaithe tréitheacha a fhorbairt agus aithníonn an gá atá ag dul i méid chun a dtiomantas acadúil agus spóirt a chothromú. Cuidíonn GMTI leis an bhfís sin tríd an gclár Scoláireachtaí Spóirt.

SPARÁNACHTAÍ CHUIDEACHTA FORBARTHA MHAIGH EO THAR THEAS

Trí sheachadadh a Chlár Forbartha Áitiúil agus Pobail faoin Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, tá ciste beag curtha ar leataobh ag Cuideachta Forbartha Mhaigh Eo Thiar Theas chun cuidiú le neacha léinn atá i ngá. Ligeann an áis seo dúinn cuidiú le líon beag neach léinn a dtáillí teagais nó a gcuid de na táillí neach léinn (clárúchán) a pháirtchistiú chun gur féidir leo tús a chur lena staidéar ag campas Mhaigh Eo GMTI agus leanúint leis.

Le breis faisnéise a fháil, déan teagmháil le Anne Donnelly, Oifigeach Seirbhísí na Neach Léinn. Ní mór foirmeacha iarratais comhlánaithe a bheith istigh le Anne ar nó roimh De hAoine Meán Fómhair 2014.

SCOLÁIREACHTAÍ COMHARCHREIDMHEASA BRENDAN HOPKINS

Le breis faisnéise a fháil, déan teagmháil le hOifig Seirbhísí na Neach Léinn.

SPARÁNACHTAÍ/SCOLÁIREACHTAÍ GINEARÁLTA

Tá sonraí le fáil ag: www.studentfinance.ie.

Le breis faisnéise a fháil, déan teagmháil leis an Oifigeach Seirbhísí na Neach Léinn.





SEIRBHÍS GAIRMEACHA

D'fhéadfadh sé a bheith deacair cinneadh a dhéanamh faoi do ghairm, nó CV a réiteach, agus ullmhú le haghaidh agallamh. Tugann an tSeirbhís Gairmeacha deis chun na réimsí sin a iniúchadh trí ghairmthreoir duine le duine. Riarann an tSeirbhís ceardlanna freisin ar:

- CV agus scileanna agallaimh
- iarratais a dhéanamh
- staidéar breise agus taighde ar jabanna

chun cuidiú leat réiteach a dhéanamh le haghaidh iontrála ar mhargadh an tsaothair.

Chomh maith leis sin eagraíonn an tSeirbhís Gairmeacha Aonach bliantúil Gairmeacha na gCéimithe. Cuireann Aonach Gairmeacha na gCéimithe deis ar fáil le gur féidir le cuideachtaí atá i mbun earcaithe teagmháil a dhéanamh le neacha léinn atá le céim a bhaint amach.

Déantar gach folúntas a thagann isteach go GMIT a fhógairt ar leathanach Gairmeacha Facebook GMIT. Tá sé den tábhacht é sin a sheiceáil dá bhrí sin. Eagraíonn an tSeirbhís Gairmeacha láithreoireachtaí cuideachta freisin. Tá clár fógraí maidir le folúntais do jabanna ag feidhmiú lasmuigh de dhoras an Chomhairleora. Ar na seirbhísí eile a thugann an tSeirbhís Gairmeacha tá tástáil gairme, ábhair acmhainne gairme, etc.

Tá sé tábhachtach go mbeifeá onghníomhach agus tú i mbun gairm a roghnú – baineann tú as an méid a chuireann tú isteach ann. Tugaimid cuireadh duit teacht agus leas a bhaint as an tseirbhís, ní amháin le linn duit a bheith sa bhliain dheiridh ach am ar bith le linn do thréimhse ag Campas Mhaigh Eo GMIT.

AN SÉIPLÍNEACH



Daniel Caldwell

Séiplíneach

Teil: 094 9043150

Fón Póca: 086 8492552

R-phost: chaplaincbar@gmit.ie

Is é ról an tSéiplínigh ná cabhair agus tacaíocht a thabhairt do neacha léinn trí chúram a chur ar fáil, cuidiú le braistint pobail a thógáil agus tacú le beatha inmheánach nó spioradálta an duine. Ná bíodh drogall ort bualadh isteach chun labhairt leis an Séiplíneach. Tá oifig an tSéiplínigh (S112) ar an gcéad urlár.

Am le bualadh isteach: 12 - 12.45 p.m. Luan go hAoine

An gá duit labhairt?

Tá an Séiplíneach ar fáil chun labhairt le neacha léinn i dtimpeallacht shábháilte faoi rún agus caitheann sé le neacha léinn le meas agus le dínit.

Tinneas agus Méala

D'fhéadfadh sé nach dtabharfaí roinnt rudaí faoi deara laistigh den Institiúid. Má tá tú ar an eolas faoi thinneas, timpiste nó méala neacha léinn, cuir ar an eolas muid láithreach le do thoil.

Oibríthe Deonacha Neacha Léinn

Cuireann an Séiplíneach eolas ar fáil do neacha léinn faoi na deiseanna chun obair dheonach a dhéanamh. Ina theannta sin, déanfar Aonach Oibríthe Deonacha a óstú ar an gcampas i gcomhar le Lárionad Deonach Mhaigh Eo.

SEIRBHÍS COMHAIRLEOIREACHTA AGUS SEIRBHÍS GAIRMEACHA

Is í Michelle Kerins O'Brien an Comhairleoir Neach Léinn don champas agus riarann sí Seirbhís Comhairleoireachta faoi rún agus an tSeirbhís Gairmeacha. Cuidíonn sí le seirbhísí eile freisin ar an gcampas.



Michelle Kerins

Comhairleoir

Teil: 094 9043127

R-phost: michelle.kerinsobrien@gmit.ie

AN TSEIRBHÍS COMHAIRLEOIREACHTA

Is am spreagúil é agus tús á chur agat le do staidéar tríú leibhéal, é lán d'eispéaraí nua, daoine nua etc. Ach d'fhéadfadh inni a bheith ag baint leis freisin.

Má tá fadhbanna ar bith agat, buail isteach agus labhair leis an gComhairleoir, Is seirbhís duine le duine í a chuireann comhairleoireacht faoi rún ar fáil. Na fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith agat is féidir leo a bheith sa raon ó fhadhbanna pearsanta, go fadhbanna sóisialta, caidrimh, acadúil, airgeadais agus tuilleadh.

Tarlaíonn fadhbanna comchosúla bliain i ndiaidh bliana. Dá bhrí sin déanann an tSeirbhís Comhairleoireachta sraith ceardlanna a thairiscint, áit a mbíonn neacha léinn ag obair i gcomhar agus iad ag oibriú trí réimsí éagsúla deacrachtaí. Cuimsíonn na ceardlanna seo déileáil le saol an neacha léinn, bainistiú struis, etc. Go deimhin, seans nach bhfuil fadhb ar bith ag cur as duit sna réimsí sin ach go mba spéis leat do chuid scileanna a fheabhsú. Cuirtear fáilte roimh gach neach léinn. Ar deireadh, tá níos mó i gceist le tús a chur leis an tríú leibhéal ná obair chlár. Baineann sé freisin le do thaithí ar an leibhéal pearsanta a leathnú. Is acmhainn í an Comhairleoir sa réimse sin freisin.

Buail isteach agus beannaigh dúinn, go háirithe le linn do chéad laethanta ag Campas Mhaigh Eo GMIT. Feidhmíonn an tseirbhís buail isteach (gan choinne) (11.15 a.m. – 12.00 nóin go laethúil.

Féadfaidh tú glao teileafóin a chur uirthi freisin ar 094 9043127 nó rphost ag michelle.kerinsobrien@gmit.ie.

Obair Dheonach Thar Lear

Aibhsíonn oifig an tSéiplínigh eolas ar obair dheonach thar lear ar mhian le neacha léinn b'fhéidir a fháil. Reachtáil oicáidí bailiúcháin airgid le linn na bliana do thionscadail éagsúla sa domhan atá i mbéal forbartha.

Liotúirgí

Cuirtear Seomra Paidreoireachta (Bo24) ar fáil ar an gcampas do mhachnamh pearsanta. Úsáidtear an spás seo freisin chun raon seirbhísí creidimh a éascú. Chun breis sonraí a fháil déan teagmháil leis an Séiplíneach.

Sábháilteacht agus Dea-Bhail na Neach Léinn

Comhoibríonn an Séiplíneach le raon leathan coistí agus grúpaí oibre chun sábháilteacht, sláinte agus dea-bhail na neach léinn a aibhsíú. Má tá imní nó tuairim maidir leis na hábhair sin ag neach léinn ar bith cuir an Séiplíneach ar an eolas le do thoil.

AN OIFIG ROCHTANA

Cuireann an Oifig Rochtana raon tacaíochtaí agus seirbhísí ar fáil do neacha léinn atá ag cur isteach ar GMIT agus atá ag freastal ar chlár lánaimseartha agus pháirtaimseartha laistigh den Institiúid. Éascaíonn sí comhionannas rochtana agus rannpháirtíochta do gach neach léinn.

Tacaíonn an Oifig le neacha léinn le fadhbanna sonracha fisiciúla nó foghlama amháil disléicse. Ba chóir do neacha léinn a bhfuil míchumais ag cur as dóibh teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Rochtana roimh thús a gcláir nó chomh luath agus is féidir sa bhliain acadúil ionas gur féidir tacaíochtaí a chur ar fáil dóibh.

Tá na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil:

Iarratas malartach ionducthain don chiste do neacha léinn faoi mhíchumas, córas lúibe d'formáid mhalmartach cló, suíomh inrochtana ranga, tarchur le haghaidh measúnú síceolaíochta, cúntóirí pearsanta, seirbhísí aistriúcháin, glacadóirí nótaí, tacaíocht meantóireachta foghlama duine le duine, teicneolaíocht oiriúnaitheach, oiliúint ar theicneolaíocht oiriúnaitheach, tacaíocht acadúil duine le duine, tacaíocht scrúdaithe agus oiriúntais, seirbhís fótachóipeála.

Chun breis eolais a fháil déan teagmháil le do thoil le:

An Oifig Rochtana, GMIT

Teil: 091-742129. R-phost: accessoffice@gmit.ie

AN TSEIRBHÍS SLÁINTE

Cuirimid seirbhís sláinte ar fáil dár gcuid neach léinn. Is féidir le neacha léinn freastal ar an gcleachtas de réir mar is gá saor ó tháille. Má bhíonn gá ag neacha léinn le cóireáil lasmuigh de na gnáthuaireanta oibre, féadfaidh siad glao teileafóin a chur ar an lialann agus inseofar dóibh cé tá ar dualgas agus an uimhir le teagmháil a dhéanamh léi.

An Dr Stephen Patten, Sráid Thomáis, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo

Teil: 094-9021999



GARCHABHAIR

Chomh maith leis na seirbhísí sláinte atá ar fáil do na neacha léinn tríd an Dochtúir Ginearálta, tá seirbhís garchabhrach ar fáil ón Oifig Fáiltithe – 9.00 a.m. go 4.30 p.m. go laethúil.

Tá caibinéid Garchabhrach suite ag an bhFáiltiú, sa Cheaintín agus gar don tSaotharlann Leictreonaice.

Ba chóir do neach léinn ar bith ar bhain timpiste dó/di ar an gCampas (bíodh sí beag nó mór) an scéal a thuiriscíú d'Oifigeach Seirbhísí na Neach Léinn agus cóireáil a fháil más gá.

CLÁRÚCHÁN AGUS DEONTAIS

CLÁRÚCHÁN

Tá sé tábhachtach go rachfá ar líne agus go gclárfófa do do chúrsa roimh fhreastal ar na ranganna. Lean na treoracha le do thoil a cuireadh chugat sa phost i Lúnasa. Má tá tú ag fanacht ar dheontas nó má tá ceisteanna ar bith agat a bhaineann le hóc na táille cuir rphost chuig feecollection@gmit.ie. Ba chóir duit do chlárúchán ar líne a chur i gcrích le linn duit cúrsaí íocaíochta a shocrú. Tá sé den tábhacht freisin a chur in iúl don oifig clárúcháin má tá tu ag tarraingt siar ón gcúrsa. Mura ndéanann tú é sin b'fhéidir go mbeidh dliteanas táillí ort.

DEONTAIS

Beidh roinnt neach léinn i dteideal deontais chothabhála a fháil. Ba chóir do neacha léinn ar spéis leo cur isteach ar dheontas iarratas a dhéanamh ar líne le Student Universal Support Ireland (SUSI) trí www.studentfinance.ie. Ach do dheontas a bheith faofa, íoctar gach tráthchuid isteach i do chuntas bainc in íocaíochtaí míosúla, de réir fhéilire SUSI. Féadfar aibhsíocht a dhéanamh as íocaíochtaí deontais i gcás droch-thinrimh. I gcás neamhláithreachais de bharr tinnis, ba chóir do neacha léinn fógra a chur chuig an gColáiste i scríbhinn i.e. teastas leighis nó teastas ó Chomhairleoir Coláiste.

CÁRTAÍ AITHEANTAIS (ID)

Gheobhaidh gach neach léinn lánaimseartha Cárta Aitheantais (ID) i dtús na bliana. Ach lena chinntiú go bhfaighidh tú do chárta ní mór duit bheith i láthair ag an gclárúchán agus a chinntiú go nglacfaidh ball foirne de chuid an Choláiste do ghrianghraf. Beidh sé ag teastáil uait chun dul isteach sa halla scrúdaithe agus chun leas a bhaint as seirbhísí na leabharlainne. Is é an costas a bhaineann le athsholáthar cárta ná 10, nach mór a íoc roimh ré.

SEOLADH A ATHRÚ

Má thagann athrú ar do sheoladh buan i gcaitheamh na bliana, ba chóir duit é sin a chur in iúl don Riarachán. Mura gcuireann tú an t-athrú in iúl dúinn postálfar faisnéis thábhachtach chuig an seanseoladh agus seans nach bhfaighidh tú í dá bhri sin.



SPÓIRT, CLUBANNA AGUS CUMAINN



Nigel Jennings
Oifigeach Spóirt

Teil: 094 9043244
R-phost: nigel.jennings@gmit.ie

Tá cúrsaí spóirt i gceartlár an tsoil ar an gcampas agus tá an-chuid clubanna gníomhacha spóirt sa choláiste. Is ionann ballraíocht sna clubanna sin agus bealach isteach chuig líon mór gníomhaíochtaí spreagúla.

Spóirt Eachtraíochta

Tá an t-ádh dearg orainn a bheith suite san áit ina bhfuilimid, chomh maith leis an gCúrsa in Oideachas Allamuigh a bheith gar do láthair Spóirt Eachtraíochta. Is buntáiste mór iad tránna breátha, aibhneacha, sléibhte agus coillte a bheith i ngar do na clubanna **Surfála, Cadhcála, Surfáil Eitleoige, Seoltóireachta, Gaothshurfála, Sléibhteoireacht, Uaimheadóireacht** agus **Bushcraft**. Cuirtear tosaítheoirí ar an eolas go gasta agus tugann turasanna club agus deireadh seachtaine as baile an deis duit feabhas a chur ar do scileanna agus cur le do chaidreamh sóisialta. Is í an ócáid idir-olscoileanna buaic na bliana agus i mbliana bhí an t-ádh ar ár gcuid surfálaithe ócáid iontach a óstú agus muid a bhunú mar an choláiste surfála is fearr sa tír nuair a rinneadh dinn curáí Surfála Idir-ollscoileanna 2014. Ghnóthaigh an ghaothshurfáil boinn don chlub ón na craobhchomórtais náisiúnta agus beidh siad ag súil le cur leis an taithí a fuair na surfálaithe de bhri gur chuir siad isteach ar ócáid na bliana 2015 a óstú.

Beidh an club sléibhteoireachta ag nochtadh an bhalla nua-athchóirithe agus leathnaithe dreapadóireachta laistigh dá gcuid i Meán Fómhair,

saoráid a thugann deis iontach chun triail a bhaint as an gníomhaíocht spreagúil seo sula dtabharfaidh siad faoi amuigh faoin spéir.

Is ócáidí móra iad i gcónaí turasanna thar lear áit ar féidir leis na baill taithí luachmhar a fháil; is socrú bliantúil do na sléibhteoirí é an turas geimhrídh go hAlbain agus tá grúpa cróga ag déanamh ócáid bhliantúil de thuras chun na Spáinne. Idir an dá linn, thug na clubanna Surfála, Cadhcála agus Seoltóireachta aghaidh ar a leithéidí d'áiteanna mar an Ionrua, an Fhrainc, an Chróit, an tSlóivéin agus an Phortaingéil le blianta beaga.

Spóirt Foirne

Tá traidisiún mór i spóirt foirne anseo sa choláiste agus le blianta beaga cuireadh lena gcáil níos mó fiú agus craobhacha **Uile-Éireann san Iománaíocht & i bPeil Ghaelach na mBan** sa chéad áit ar an liosta onóracha. Tá de ghradam ag foireann **Peil Ghaelach na bhFear** gur cháiligh siad do dheireadh seachtaine na gcraobhchluichí in 2014. Tá beartaithe acu cur leis an taithí a fuair siad le linn na bliana seo chugainn. Bhí de mhí-ádh ar fhoireann **Sacar na bhFear** nár éirigh leo áit a bhaint amach i gCraobh Phláta Umbro an CFAI tar éis gur chaill siad sna ciceanna éirice ag céim na leathchraoibhe. Tá Rugbaí Chonnacht sa dara bliain dá nasc leis an gcoláiste agus tá feabhas ag teacht cheana féin ar chluiche na bhfear agus na mban ón mbaint atá acu leis.

Ealaíona Comhraic & Dornálaíocht

Tugann clubanna láidre Ealaíona Comhraic deis mhaith chun triail a bhaint as rud éigin úr. Tá an club Karate faoi láthair á reáchtáil go saineolaíoch ag neach léinn ag a bhfuil an crios dubh a threoraigh an fhoireann Shóisearach go dtí Ór ag ócáid idir-scoileanna na bliana seo. Ghnóthaíodh Airgead ag an Judo idir-ollscoileanna agus táimid bródúil as an gcrios dubh atá againn in Taekwondo. Mar sin tá an-éagsúlacht sna roghanna atá le fáil sna healaíona comhraic.

Tháinig forás mór ar an gclub Dornálaíochta le blianta beaga agus déanann siad a gcuid traenála sa choláiste agus sa chlub áitiúil – Eaglais. Roghnaíodh Captaen an Chlub d'fhoireann Tríú Leibhéal na hÉireann in 2014.

CUMAINN

Sláinte agus Corpacmhainn

Tá raon cuimsitheach ranganna aclaíochta ar fáil ar rátaí flaithiúil a bhfuil fordheontas acu, ar a n-áirítear Yoga, Pilates, Dornaclaíocht, Metafit, Aeróbaic, Campa Aclaíochta, Damsa Boilg, Carda-leadóg, Yagalates agus Zumba. Tá rátaí den scoth socraithe againn freisin le roinnt saoráidí fóillíochta agus níl an linn snámha ach 3 nóiméad de shiúl na gcós ó dhoras an choláiste. Glac le leathanach Folláine Mhaigh Eo GMIT Facebook agus aimsigh an cúnamh chun cuidiú leat a bheith bainteach, nó glac ballraíocht san “parkrun” atá nuashocraithe ag lúb Loch álainn Lannach atá suite 5 nóiméad ón gcoláiste – <http://www.parkrun.ie/castlebar/>

Saoráidí

Chomh maith lenár bpáirc agus an raon reatha ar an suíomh, déanann ár halla istigh freastal ar Cispheil, Eitleog agus Badmantan. Tá obair le tosú sna míonna atá romhainn tar éis gur fógraíodh plean de €12.5 milliún a chuimsíonn Linn Snámha, Lárionad Náisiúnta do Spóirt Eachtraíochta Lasmuigh, raon lúthchleasaíochta agus páirceanna imeartha a mbeidh saoráidí gléasta acu, rud a a neartaonn tiomantas an choláiste lena chinntiú go n-imreoidh an spóirt ról lárnach i saol an choláiste.

Rud ar bith eile le déanamh?

Tá raon éagsúil cumann ann ó Oidhreacht go Ceol go Drámaíocht, agus Teangacha nó scíth leis an gcumann Yoga nó cumann glas an Champais atá ag forbairt go gasta. Mura bhfeiceann tú club nó cumann duit, inis dúinn agus cuideoidh muid leat ceann nua a chur ar bun.

FÉILIRE AN CHOLÁISTE 2014-2015

08/09/2014	Tús leis na Cláir Tríú Leibhéal (1ú Bliain amháin)
10/09/2014	Tús leis na Cláir Tríú Leibhéal (2ú, 3ú & 4ú Blianta go léir)
15/12/2014	Scrúduithe an Gheimhrídh
24/12/2014	Sos na Nollag
12/01/2015	Tús leis an Dara Téarma
27/03/2015	Deireadh leis an Dara Téarma
13/04/2015	Tús leis an Tríú téarma
05/05/2015	Scrúduithe an tSamhraidh

UAIREANTA OSCAILTE CHAMPAS MHAIGH EO

LE LINN AN TÉARMA:

Luan - Déardaoin: 8.30 a.m. - 10.30 p.m.

Aoine: 8.30 a.m. - 1.00 p.m.

Satharn: 8.30 a.m. - 1.00 p.m.

LASMUGH d'AM TÉARMA:

Luan - Aoine: 8.30 a.m. - 6.00 p.m.

Táirseach Neacha Léinn GMIT

Tugann tairseach Neacha Léinn GMIT rochtain duit ar raon leathan faisnéise ar shaol an neacha léinn amhail seirbhísí neacha léinn, aontas na neach léinn, seirbhísí TF, acmhainní foghlama ar líne, an leabharlann, clár ama na scrúduithe agus na torthaí.

Féadfaidh tú logáil isteach chuig Tairseach Neacha Léinn GMIT: **student.gmit.ie** Is é do logáil isteach ná d'Uimhir Neacha Léinn GMIT agus is é do phasfhocal ná an Pasfhocal Neacha Léinn GMIT a gheobhaidh tú nuair a chuireann tú tús le do staidéar.

TEAGMHÁLACHA ÚSÁIDEACHA

AHEAD

Cumann d'Oideachas agus Rochtain Míchumais, East Hall, UCD, Ascaill Dhúin Chéirigh, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath

Teil: (01) 7164396
9:00 a.m. - 1:00 p.m.
2:00 p.m. - 5:00 p.m.
Gréasán: www.ahead.ie

Alcoholics Anonymous

Ozanum House
Sráid Aibhistín
Gaillimh

Teil: (01) 8420700
Teil: (091) 767777
7:30 p.m. - 10:00 p.m. Luan-Aoine
11:30 a.m. - 2:00 p.m. Satharn

APCOA Parking Ireland Ltd

Aonad 6, Páirc Chill Ciaráin
Eastát Tionsclaíochta Lios Bán
Bóthar Thuama
Gaillimh

Teil: (091) 730267
Teil: (091) 730271
R-Phost: galway.admin@apcoa.ie

AWARE

(Ag Cuidiú chun an Bua a Fháil ar an Dúlagar)

72 Sráid Liasáin Íochtair, Baile Átha Cliath 2
Teil: 01 661 7211 (Líne Chabhrach Íosghlao)
10.00 a.m. - 10:00 p.m. Luan-Déard
10.00a.m. - 1:00 a.m. Aoine-Domh
Gréasán: www.aware.ie

Bus Éireann

Stáisiún Ceannt Gaillimh
Ardoifig Réigiúnach

Teil: (091) 562000
Cathair na Mart: Fiosrúcháin do Phaisinéirí
Teil: (098) 25711
Béal an Átha – Paisinéirí
Fiosrúcháin – Teil: (096) 71800

Ionad Eolais do Shaoránaigh (Faisnéis do Chách)

Cavandish House, Link Road
Caisleán an Bharraigh

Íosghlao: 0761 07 6040
Luan 9.30 - 5.00
Máirt-Deárd 9.30 - 1.00 & 2.00 - 5.00
Aoine 9.30 - 1.00 & 2.00 - 4.30.
Gréasán: www.citizensinformation.ie

Cura

Áras de Brún
Baile Nua Mhic Ghabhann
Gaillimh

Teil: (091) 562558
R-Phost: curagalway@eircom.net
Tarchuir: seirbhís comhairleoireachta do chailíní torracha.

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh

Michael Davitt House Compound
Caisleán an Bharraigh

Teil: (094) 90 34280 / 34290
Gréasán: www.welfare.ie

Ionaid Chomhairle Dlí Saor in Aisce

13 Sráid Dorset Íochtair, Baile Átha Cliath 1
Teil: (01) 874 5690
Luan go hAoine
9:30 a.m. to 5:30 p.m.

Gardai

Stáisiún Garda Chaisleán an Bharraigh
An Meal, Caisleán an Bharraigh

Teil: (094) 90 38200

Lasc-chlár Aerach

Seomra 20, Carmichael House
Sráid Brunswick Thuaidh
Baile Átha Cliath 7

Teil: (01) 8721055
R-Phost: info@gayswitchboard.ie
Comhairleoireacht, tacaíocht agus faisnéis neamhthreorach.

HeadsUp

HeadsUp, Páirc Roslyn
Bóthar na Trá, Baile Átha Cliath 4

Teil: (01) 2057200 (lasc-chlár)
Teil: 01 2057326 (líne dhíreach)
R-Phost: info@headsup.ie
Mar mhalairt féadfaid tú HeadsUp a aimsiú ar Facebook

Iarnród Éireann

Caisleán an Bharraigh

Teil: (094) 90 21222

Mayo General Hospital

Caisleán an Bharraigh

Teil: (094) 90 21733 / 90 42000

Rape Crisis Centre

Teil: (094) 90 25657 Saorfhón 24 Uair
Líne Chabhrach: BÁC: 1800 77 88 88
Íosghlao: 1800 234 900
Seirbhís comhairleoireacha ar an bhfón faoi rún

Cumann Naomh Uinseann de Pól

Bóthar Pavilion, Caisleán an Bharraigh

Teil: (094) 90 23207

Student Travel Information

Gréasán: www.usit.ie

SUSI

Tacaíocht Chomhchoiteann do Neacha Léinn na hÉireann

PO Bosca 869
Tóchar, Corcaigh

Teagmháil le Deasca Cabhrach SUSI
Ar fáil 9.00am - 5.30 Luan/Aoine
Ar fáil 10.00am - 1.00pm Satharn

R-Phost: support@susi.ie

Teil: 0761 08 7874
Facebook.com/susisupport

Tacsaithe

Carra Taxis (094) 90 32040
Castlebar Cab Centre (094) 90 26699
Castlebar Taxis (087) 25 45404
Jos Corcoran (094) 90 23289
Peter Gray (094) 90 23456
Padraig Grimes (094) 90 22421
Michael Moran (094) 90 25736
Tommy McLoughlin (094) 90 25588

Na Samáraigh

14 Oileán na nEaltanach, Gaillimh

Teil: (091) 561 222
Líne chabhrach Fhorleiththeadach:
1850 609090

Threshold National Housing Organisation

3 Plás Victoria, Bóthar na gCeannaithe,
Gaillimh
9.30 a.m. - 5.00 p.m.
Teil: (091) 563080
R-Phost: thresholdgalway@eircom.net

Aontas na Neach Léinn in Éirinn

Portview House, Bóthar York
An Rinn, Baile Átha Cliath 4

Teil: (01) 7099300
Facs: (01) 7099302
Luan - Aoine: 9.00 a.m. - 5.30 p.m.
Gréasán: www.usi.ie

USIT

Gníomhaireacht Taistil
16 Sráid Mhuire, Gaillimh

Teil: (091) 565177

9.30 a.m. - 5.30 p.m. Luan - Aoine
10.00 a.m. - 4.00 p.m. Satharn



[www.facebook.com/
GMITMayoStudentServices](http://www.facebook.com/GMITMayoStudentServices)

